| AN BORD PLEANÁLA | AN BORD PLEANÁLA |
|---|---|
| **AN tACHT IOMPAIR (BONNEAGAR IARNRÓID) 2001, ARNA LÉASÚ AGUS ARNA IONADÚ)**<br>**FÓGRA MAIDIR LE TUILLEADH FAISNÉISE MAIDIR LEIS NA hÉIFEACHTAÍ IS DÓIGH AR AN dTIMPEALLACHT** | **TRANSPORT (RAILWAY INFRASTRUCTURE) ACT 2001 (AS AMENDED AND SUBSTITUTED)**<br>**NOTICE OF FURTHER INFORMATION IN RELATION TO THE LIKELY EFFECTS ON THE ENVIRONMENT** |
| Iarratas ó Chóras **Iompair** Éireann **(CIÉ)** ar Ordú **Iarnróid do** Thionscadal DART+ an Iarthair | **Application by** Córas Iompair Éireann **(CIÉ) for a** Railway **Order** for the **DART+** West **project** |
| **Fógra um** tuilleadh **faisnéise**<br>De réir Alt 41(2)(a)(ii) den Acht Iompair (Bonneagar Iarnróid) 2001 (arna leasú agus arna ionadú) agus tar éis iarratais arna dhéanamh ag an mBord Pleanála de bhun alt 41(2)(a) den Acht sin, tugann Córas Iompair Éireann (CIÉ) fógra go bhfuil tuilleadh faisnéise maidir leis na héifeachtaí is dóigh a bheidh ag na hoibreacha iarnróid atá beartaithe ar an dtimpeallacht curtha isteach don Bhord Pleanála.<br><br>Tá an tuilleadh faisnéise a chuireadh isteach don Bhord Pleanála le fáil sa doiciméad dar teideal 'Nuashonrú ar an Ráiteas Tionchair Natura' dar dáta Deireadh Fómhair 2023. | **Notice of** further **information**<br>In accordance with Section 41(2)(a)(ii) of the Transport (Railway Infrastructure) Act 2001 (as amended and substituted) and following a request made by An Bord Pleanála pursuant to section 41(2)(a) of the said Act, Córas Iompair Éireann (CIÉ) gives notice that further information in relation to the likely effects on the environment of the proposed railway works has been furnished to An Board Pleanála.<br><br>The further information furnished to An Bord Pleanála is contained in the document entitled 'Update to the Natura Impact Statement' dated October 2023. |
| Údaróidh an tOrdú Iarnróid, má thugtar é, Córas Iompair Éireann chun oibreacha iarnróid agus na hoibreacha ar fad atá riachtanach a dhéanamh chun cur ar chumas CIÉ iarnród a thógáil, a fheidhmiú, a chothabháil, agus a fheabhsú feadh stráice 40 ciliméadar de Líne reatha iarnróid idir Lár Chathair Bhaile Átha Cliath agus Stáisiún Ollpháirce M3 (Contae na Mí) agus agus iosta nua cothabhála siar ó Mhaigh Nuad (Contae Chill Dara). Go ginearálta, cuimsíonn na hoibreacha an méid seo a leanas, ach níl siad teoranta dóibh: An stáisiún nua i nDuga Spencer a thógáil le rochtain nua phoiblí ar Shráid an Mhéara agus ar Shráid an tSirriam; Stáisiún Uí Chonghaile a athchóiriú le rochtain nua phoiblí ar Shráid Amiens via Sráid an Phriostúnaigh;<br>iosta nua cothabhála iarnróid siar ó Mhaigh Nuad; línte lasnairde a leictriú; fostáisiúin leictreacha a sholáthar chun cumhacht a chur ar fáil do na línte lasnairde; deireadh a chur le crosairí comhréidhe agus roghanna eile amhail droichid nua do choisithe, rothaithe agus feithiclí a sholáthar; bonneagar comharthaíochta, teileachumarsáide agus leictreach agus foirgnimh; rianta agus taobhlaigh nua agus modhnaithe; roinnt droichid a atógáil agus a mhodhnú chun leictriú línte a éascú; rianta faoi roinnt droichid a ísliú chun leictriú na línte a éascú; uchtbhallaí agus ballaí droichid a mhodhnú chun cosaint ón leictriú a chinntiú;<br>líne nua iarnróid dhá rian idir Stáisiún Mhaigh Nuad agus Iosta Mhaigh Nuad lena n- áirítear stráice nua de chonaire iarnróid a chur ar bun; clóis thógála shealadacha a chur ar bun; pointí rochtana sealadacha agus buana ar na rianta a sholáthar; clóis chothabhála bhuana a chur ar bun; bainistíocht tráchta sealadach agus bealaí atreoraithe bóthair a chur ar bun; athruithe ar cháblaí soláthair leictreachais atá ann cheana a thrasnaíonn an chonair iarnróid; bealaí rochtana nua agus athraithe agus feabhsúcháin ar acomhal bóithre a sholáthar; fóntais atá ann cheana a atreorú; bonneagar nua draenála a sholáthar; tailte um chúiteamh tuile a sholáthar; bearta maolaithe comhshaoil a sholáthar; agus modhnuithe bonneagair eile chun an tionscadal foriomlán a éascú. | The Railway Order, if granted, will authorise CIÉ to carry out railway works and all works necessary to enable the construction, operation, maintenance and improvement of the railway along an approximate 40km section of the existing railway line between Dublin City Centre and M3 Parkway Station (County Meath) and a new maintenance depot to the west of Maynooth (County Kildare). The works generally comprise, but are not limited to: construction of the new Spencer Dock Station with new public access to Mayor Street and Sheriff Street; remodelling of Connolly Station with new public access to Amiens Street via Preston Street; new rail maintenance depot to the west of Maynooth; overhead line electrification; provision of electrical substations to power the overhead line; elimination of level crossings and provision of alternatives such as new bridges for pedestrians, cyclists and vehicles; signalling and telecommunications and electrical infrastructure and buildings; new and modified track and sidings; reconstruction and modifications to some bridges to facilitate line electrification; track lowering beneath some bridges to facilitate line electrification; modification of bridge parapets and walls to ensure protection against electrification; new twin track rail line between Maynooth Station and Maynooth Depot including establishment of a new rail corridor section; establishment of temporary construction compounds; provision of temporary and permanent track access points; establishment of permanent maintenance compounds; establishment of temporary traffic management and road diversions; alterations to existing electrical supply cables crossing the railway corridor; new and realigned access routes and road junction improvements; diversion of existing utilities; provision of new drainage infrastructure; provision of flood compensation lands; provision of environmental mitigation measures; and other infrastructural modifications to facilitate the overall project. |
| Tá na hoibreacha iarnróid beartaithe a chumhdaítear leis an Ordú Iarnróid beartaithe faoi réir nós imeachta um measúnú tionchair timpeallachta de bhun an Achta. Cuimsíonn an tOrdú Iarnróid, má thugtar é, údarás do CIÉ chun talamh, cearta i dtalamh, faoi thalamh nó ar thalamh, nó aon fhostratam talún, sonraithe san ordú a fháil go héigeantach; chun talamh sonraithe san ordú a fháil agus a áitiú go sealadach, chun éasúintí agus cearta eile ar thalamh sonraithe san ordú a fháil; chun cearta poiblí agus/nó príobháideacha, cearta slí san áireamh, sonraithe san ordú a chealú; agus forálann sé cearta eile ar thalamh. | The proposed railway works covered by the proposed Railway Order are subject to an environmental impact assessment procedure pursuant to the Act.<br>The Railway Order, if granted, also includes powers for CIÉ to acquire compulsorily land or rights in, under or over land or any substratum of land specified in the order; to temporarily acquire and occupy land specified in the order; to acquire easements and other rights over land specified in the order; to extinguish public and/or private rights including rights of way specified in the order; and provides for other rights over land. |
| **Cinntí féideartha maidir leis an Ordú Iarnróid atá ar fáil don Bhord** Pleanála<br>De bhreis ar bhreithniú a dhéanamh ar an iarratas ar Ordú Iarnróid, tá roinnt roghanna cinnidh ar fáil don Bhord Pleanála:<br><br>• Féadfar an tOrdú Iarnróid a cheadú agus a dhéanamh;<br>• Féadfar an tOrdú Iarnróid a dhiúltú; nó<br>• Féadfar an tOrdú Iarnróid a cheadú agus a chur faoi réir cibé coinníollacha, modhnuithe, srianta agus riachtanais (agus ar cibé téarmaí eile) is cuí leis an mBord Pleanála agus a shonrófar san ordú. | **Potential decisions on the Railway Order open to An Bord Pleanála**<br>Further to consideration of the application for a Railway Order including the further information, there are a number of decision options available to An Bord Pleanála:<br><br>• The Railway Order may be approved and made;<br>• The Railway Order may be refused; or<br>• The Railway Order may be approved and made subject to such conditions, modifications, restrictions and requirements (and on such other terms) as An Bord Pleanála thinks proper and specifies in the order. |

AN BORD PLEANÁLA
08 NOV 2023
LTR DATED ______ FROM ______
LDG- ______
ABP- 314232-22

**Iniúchadh ar an tuilleadh faisnéise maidir leis na héifeachtaí is dóigh ar an dtimpeallacht**

Féadfar cóip den tuilleadh faisnéise a chuireadh isteach don Bhord Pleanála maidir leis na héifeachtaí is dóigh ar an dtimpeallacht a bheidh ag na hoibreacha iarnróid atá beartaithe a iniúchadh saor in aisce le linn gnáthuaireanta oifige nó oscailte ar feadh tréimhse trí seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo ag:

- An Bord Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath, D01 V902;
- An Rannóg Pleanála, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8. D08 RF3F;
- An Rannóg Pleanála, Comhairle Contae Fhine Gall, Halla an Chontae, An Phríomhshráid, Sord, Contae Bhaile Átha Cliath, K67 X8Y2;
- Comhairle Contae Fhine Gall, Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15, D15 W638;
- An Rannóg Pleanála, Comhairle Contae Chill Dara, An Phríomhoifig, Bóthar Uí Dhubhuí, An Nás, Contae Chill Dara, W91 X77F;
- An Rannóg Pleanála, Comhairle Contae na Mí, Teach Buvinda, Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Uaimh, Contae na Mí, C15 Y291;
- Leabharlann Dhún Búinne ,Comhairle Contae na Mí, Radharc an Chaisleáin, Bóthar Rooske, Dún Búinne, Contae na Mí, A86 H393;
- Iarnród Éireann, Stáisiún Uí Chonghaile, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1, D01V6V6; agus
- Oifig Tionscadail DART+ an Iarthair, Oibreacha Inse Chór CIÉ, Paráid Inse Chór, Baile Átha Cliath 8, D08K6Y3.

Is féidir tuilleadh faisnéise a thugtar don Bhord Pleanála maidir leis na héifeachtaí is dóigh ar an dtimpeallachtl a fheiceáil chomh maith in éineacht leis an dréacht-Ordú Iarnróid agus na doiciméid a ghabhann leis an iarratas: ó 09 Samhain 2023. www.dartwestrailwayorder.ie .

**Inspection of the further information in relation to the likely effects on the environment**

A copy of the further information furnished to An Bord Pleanála in relation to the likely effects on the environment of the proposed railway works may be inspected free of charge during normal office or opening hours for a period of three weeks from the date of publication of this notice at:

- An Bord Pleanála, 64 Marlborough Street, Dublin 1, D01V902;
- Planning Department, Dublin City Council, Civic Offices, Wood Quay, Dublin 8, D08 RF3F;
- Planning Department, Fingal County Council, County Hall, Main Street, Swords, County Dublin, K67 X8Y2;
- Fingal County Council, Grove Road, Blanchardstown, Dublin 15, D15 W638;
- Planning Department, Kildare County Council, Head Office, Devoy Road, Naas, County Kildare, W91 X77F;
- Planning Department, Meath County Council, Buvinda House, Dublin Road, Navan, County Meath, C15 Y291;
- Dunboyne Library, Meath County Council, Castle View, Rooske Road, Dunboyne, County Meath, A86 H393;
- Iarnród Éireann, Connolly Station, Amiens Street, Dublin 1, D01V6V6; and
- DART+ West Project Office, CIÉ Inchicore Works, Inchicore Parade, Dublin 8, D08K6Y3.

Further information furnished to An Bord Pleanála in relation to the likely effects on the environment may also be viewed along with the draft Railway Order and the documentation accompanying the application: from 09 November 2023. www.dartwestrailwayorder.ie .

**Doiciméid a Cheannach**

Féadfar cóipeanna den tuilleadh faisnéise a thabharfar don Bhord Pleanála maidir leis an tionchar is dóigh a bheidh ag na hoibreacha iarnróid atá beartaithe ar an dtimpeallacht a cheannach ar tháille a íoc nach sáraíodh an costas réasúnach a bhaineann le cóip den sórt sin a dhéanamh ó:

- Oifig Tionscadail DART+ an Iarthair, Oibreacha Inse Chór CIÉ, Paráid Inse Chór, Baile Átha Cliath 8, D08K6Y3.

Is féidir iarratais cheannaigh den sórt sin a sheoladh chuig Oifig Tionscadail DART+ an Iarthair, Oibreacha Inse Chór CIÉ, Paráid Inse Chór, Baile Átha Cliath 8, D08K6Y3 nó DARTwest@irishrail.ie nó trí ghlaoch a chur ar (01) 8235127.

**Purchase of Documentation**

Copies of the further information furnished to An Bord Pleanála in relation to the likely effects on the environment of the proposed railway works may be purchased on payment of a fee not exceeding the reasonable cost of making such a copy from:

- DART+ West Project Office, CIÉ Inchicore Works, Inchicore Parade, Dublin 8, D08K6Y3.

Such purchase requests may be sent to DART+ West Project Office, CIÉ Inchicore Works, Inchicore Parade, Dublin 8, D08K6Y3 or DARTwest@irishrail.ie or by calling (01) 8235127.

**Aighneachtaí i Scríbhinn**

Is é an Bord Pleanála an t-údarás inniúil atá freagrach as an gcinneadh a dhéanamh cibé acu a dheonófar nó nach ndeonófar an t-ordú, ónar féidir faisnéis ábhartha a fháil agus ar féidir tuairimí nó ceisteanna a chur faoina bhráid. Breithneoidh An Bord Pleanála aon aighneacht a chuireann aon duine faoina bhráid i scríbhinn laistigh de thrí seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo a bhaineann leis an dtuilleadh faisnéise a chuirfearar fáil don Bhord Pleanála maidir leis an tionchar is dóigh a bheidh ag na hoibreacha iarnróid atá beartaithe ar an dtimpeallacht.. Níl an táille seo iníoctha ag comhlachtaí forordaithe áirithe nó ag daoine a bhféadfaí a gcuid tailte a fháil faoin dréacht-Ordú Iarnróid.

**Written Submissions**

An Bord Pleanála is the competent authority responsible for making the decision whether or not to grant the order, from which relevant information can be obtained and to which comments or questions can be submitted. An Bord Pleanála will consider any submissions by any persons, made in writing within three weeks from the date of publication of this notice relating to the further information furnished to An Bord Pleanála in relation to the likely effects on the environment of the proposed railway works. This fee is not payable by certain prescribed bodies or by persons whose lands may be acquired under the draft Railway Order.

Ní mór aighneachtaí a thaisceadh laistigh de thrí seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo, faoi 5.30pm ar 30 Samhain 2023 a sheoladh chuig an mBord Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1 D01V902 agus an méid seo a leanas scríofa ar an aighneacht: "Ordú Iarnróid Leictrithe DART+ an Iarthair 2022." Is féidir aighneachtaí a dhéanamh freisin ar shuíomh gréasáin an Bhoird Phleanála ag an seoladh seo a leanas, ag baint úsáide as uimhir thagartha sé-dhigit an Bhoird 314232: https://online.pleanala.ie/en-ie/sid/observation

Submissions must be lodged within three weeks of the date of publication of this notice, by 5.30pm on the 30 November 2023 be addressed to An Bord Pleanála, 64 Marlborough Street, Dublin 1, D01V902 and marked "DART+ West Electrified Railway Order 2022". Submissions can also be made on the An Bord Pleanála website at the following address: https://online.pleanala.ie/en-ie/sid/observation using the Board's six-digit reference number: 314232.

**Athbhreithniú Breithiúnach**

Féadfaidh duine bailíocht chinneadh an Bhoird Pleanála a cheistiú ar mhodh iarratais ar athbhreithniú breithiúnach de réir alt 47 agus 47A den Acht agus faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna, 1986 (arna leasú) (S.I. Uimh. 15 de 1986), arna leasú.

**Judicial Review**

A person may question the validity of the decision of An Bord Pleanála by way of an application for judicial review in accordance with section 47 and 47A of the Act and under Order 84 of the Rules of the Superior Courts, 1986 (as amended) (S.I. No. 15 of 1986, as amended).

**Sínithe: Geraldine Finucane**
Rúnaí an Bhoird, Córas Iompair Éireann, Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8
Arna dhátú an 07 Samhain 2023

**Signed: Geraldine Finucane**
Secretary to the Board of Córas Iompair Éireann, Heuston Station, Dublin 8
Dated this 07 November 2023

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ó:**
Guthán: (01) 8235127.
Tríd an bpost: Oifig Tionscadail DART+ an Iarthair, Oibreacha Inse Chór CIÉ, Paráid Inse Chór, Baile Átha Cliath 8, D08K6Y3.
Ríomhphost: DARTWest@irishrail.ie.
Website: www.dartwestrailwayorder.ie.

**Further information is available from:**
Telephone: (01) 8235127.
Postal: DART+ West Project Office, Iarnród Éireann, Inchicore Works, Inchicore Parade, Dublin 8, D08K6Y3.
Email: DARTWest@irishrail.ie.
Website: www.dartwestrailwayorder.ie.

AN BORD PLEANÁLA
08 NOV 2023
LTR DATED ______ FROM ______
LDG-
ABP- 314232-22